Údarás na Gaeltachta

# Eacnamaí

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do Eacnamaí ar bhunús conradh trí bliana. Faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, táimid ag lorg eacnamaí féinspreagtha, cumasach agus tiomanta chun tacú le Údarás na Gaeltachta in gcuid freagrachtaí sa bpróiseas pleanála teanga. Beidh an ról seo dírithe ar thuairiscí leanúnacha a dhearadh, a bhainistiú agus taighde a chur i láthair mar ionchur luachmhar i ndréachtú polasaí náisiúnta i leith na pleanála teanga go náisiúnta.**

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíocht ábhartha 3ú Leibhéal (ar a laghad ag Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Taithí gairmiúil ábhartha trí bliana ar laghad
- Saineolas ar an bpleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt beartas mar aon le saineolas ar an gcur chun feidhme agus ar an bhfeidhmíocht a thomhas.
- Tuiscint ghrinn ar staid shochtheangeolaíoch na Gaeltachta agus ar staid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta.
- Tuiscint chuimsitheach ar an nGaeilge agus ardleibhéal inniúlachta i labhairt agus i scríobh na Gaeilge.
- Eolas domhain ar ghníomhaireachtaí san earnáil phoiblí agus ar ghníomhaireachtaí Stáit.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Príomhoifigeach Cúnta idir €78,303 - €97,583. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Sa chás go dtiocfadh folúntais chun cinn san Eagraíocht le linn shaolré an Oird Fiúntais, forchoimeádann Údarás na Gaeltachta an cead poist den chineáil luaite sa bhfógra seo a thairiscint ar bhonn thorthaí an chomórtais seo. Mairfidh an painéal seo dhá bhliain

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 29 Iúil 2024**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*